Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14607/25**

**FIN 1260**
**INST 337**
**PE-L 35**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13971/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025<br>• *Formheas*<br>• *Formheas litreach* |

1. An 15 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Mar a thaifeadtar in 13971/25, is é is cuspóir don togra seo suim iomlán EUR 3.4 milliún i leithreasuithe neamhdhifreáilte a aistriú ó Mhíreanna 20 03 13 01 (*Caiteachas aistriúcháin*) agus 20 03 09 01 (*Comhairle dlí, dlíthíocht agus sáruithe — Costais dlí*) go hAirteagal 20 10 01 (*Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh*).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. In 2024, bhí easnamh buiséid EUR 4.9 milliún ag an Ionad. Sa dara buiséad leasaitheach a bhí ag an Ionad le haghaidh 2025, arna ghlacadh ag a Bhord Bainistíochta an 16 Deireadh Fómhair, shroich an t-easnamh EUR 11,5 milliún, lena n-áirítear tabhairt anonn easnamh 2024. Cumhdófar é sin go páirteach le Cúlchiste an Ionaid le haghaidh cobhsaíocht phraghsála (EUR 8.1 milliún), rud a fhágfaidh iarmhéid diúltach EUR 3.4 milliún. Dá bhrí sin, tá an t-aistriú ón gCoimisiún á mholadh chun go mbeidh an tIonad in ann a bhuiséad le haghaidh 2025 a chomhardú.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Deireadh Fómhair 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13971/25 iad, agus
- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

---

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán an Choimisiúin

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin, a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[2], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 18/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

2 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).